



Chuíg: Príomhoidí Scoileanna Náisiúnta, Meánscoileanna, Pobalscoileanna, Scoileanna Cuimsitheacha

CIORCLÁN PEN 14/05

Athbhreithniú ar Scéim Pinsin Céilí agus Leanaí Rogha a bheith páirteach sa Scéim Athbhreithnithe

1. Réamhrá.

Tá sé socraithe ag an Rialtas go mba chóir an rogha a thabhairt do gach comhalta de Scéimeanna Aoisliúntais Mhúinteoirí Náisiúnta agus Meánscoile a bhí i mbun seirbhíse an 31 Márta 2004 a bheith páirteach sa Scéim Athbhreithnithe Pinsin Céilí agus Leanaí. Rinneadh an Cinneadh seo tar éis moladh de chuid Ghrúpa Oibre comhpháirteach ceardchumainn/bainistíochta a bhreithnigh leasaithe pinsin a thabhairt isteach ag teacht ó obair an Choimisiúin ar Phinsin Sheirbhíse Poiblí.

Beidh daoine ar glacadh leo mar chomhaltaí de na Scéimeanna Aoisliúntais **an 1 Meán Fómhair 2005 nó tar éis an dáta sin** ina gcomhaltaí den Scéim Athbhreithnithe Pinsin Céilí agus Leanaí go huathoibríteach. Beidh an **rogha** ag daoine atá ina gcomhaltaí de na Scéimeanna Aoisliúntais ag tráth ar bith **idir 31 Márta 2004 agus 31 Lúnasa 2005** a bheith páirteach sa Scéim Athbhreithnithe nó an stádas atá acu faoi láthair a choinneáil.

Beidh daoine ar glacadh leo sa Scéim Athbhreithnithe ina gcomhaltaí le héifeacht ón **1 Aibreán 2004** (nó an dáta ceapacháin, má tá sé sin níos déanaí).

(Tabhair ar aird gur ionann aon tagairt do na “Scéimeanna Aoisliúntais” sa Chiorclán seo agus tagairt do Scéimeanna Aoisliúntais Mhúinteoirí Náisiúnta agus Meánscoile.)

2. Cúlra.

Baineann an Scéim (Bhunaidh) atá ann cheana le gach múinteoir fir ar glacadh leis i seirbhís inphinsin ó 1969 (1 Iúil 1969 i gcás múinteoirí náisiúnta; 1 Lúnasa 1969 i gcás múinteoirí meánscoile), agus le gach múinteoir mná ar glacadh léi i seirbhís inphinsin ón 1 Meitheamh 1981. Tugadh an rogha do mhúinteoirí fir a bhí i seirbhís i 1969 agus do mhúinteoirí mná a bhí i seirbhís i 1981 dul isteach nó fanacht amach as an Scéim Pinsin Céilí agus Leanaí. Rinne na daoine sin a roghnaigh fanacht amach as an Scéim é sin ar an tuiscint gur rogha aon uaire a bhí anseo agus nach bhféadfaí glacadh leo sa Scéim ina dhiaidh sin. I gcomhthéacs na Scéime Athbhreithnithe a thabhairt isteach, beidh deis ag na daoine sin a shocraigh gan a bheith páirteach sa Scéim Bhunaidh a bheith páirteach anois sa Scéim Athbhreithnithe, ar choinníoll go rabhadar i seirbhís inphinsin an 31 Márta 2004 nó tar éis an dáta sin.

3. Scóip na Scéime Athbhreithnithe.

Cuirfidh an Scéim Athbhreithnithe sochair pinsin ar fáil do chéile agus do leanaí an chomhalta, agus ní cosúil leis an Scéim Bhunaidh beidh foráil ann do chéile comhalta a phósann tar éis scoir, do leanaí chomhalta a bheirtear tar éis den chomhalta scoir agus do leanaí a bheirtear taobh amuigh de phósadh.

Ta tuilleadh sonraí leagtha amach in **Aguisín 1** den Chiorclán seo de scóip na Scéime Athbhreithnithe, ag déanamh comparáide idir í agus an Scéim Bhunaidh.

Tabhair ar aird i gcás na Scéime Athbhreithnithe (mar a bhí sa Scéim Bhunaidh) go gcaithfidh céile an chomhalta a bheith mar pháirtí i bpósadh a bhíonn aitheanta ag dlíthe an Stáit seo.

4. Ranníoca iníoctha ag comhaltaí den Scéim Athbhreithnithe.

Leanfaidh Comhaltaí den Scéim Bhunaidh a bhíonn ina gcomhaltaí den Scéim Athbhreithnithe ag íoc ranníoca ag an ráta reatha, i.e. ag **ráta 1.5% den phá leanúnach**. Nuair atá siad pósta le linn tréimhse a gcomhaltacht ranníoca, d'fhéadfaidís a bheith dlite, ag tráth a scoir nó ar bhás a fháil le linn seirbhíse, ranníoca neamhthréimhsiúla a íoc ag **ráta 1% den phá** ag tráth a scoir nó má fhaigheann siad bás.

Tabhair ar aird, chun críche an chiorcláin seo, gur ionann tagairt do “**chomhaltacht ranníoca**” agus tagairt don tréimhse ina mbíonn an comhalta dlite ranníoca tréimhsiúla a íoc i leith na Scéime Bunaidh nó na Scéime Athbhreithnithe agus áirítear leis aon tréimhse a bhíonn an comhalta ar shaoire ceadaithe gan pá, agus go raibh sé/sí saor ó ranníoca tréimhsiúla.

Beidh daoine nach bhfuil ina **gcomhaltaí den Scéim Bhunaidh**, (mar gur roghnaíodar gan a bheith páirteach sa Scéim nuair a tugadh isteach í do mhúinteoirí fir i 1969 agus do mhúinteoirí mná i 1981) dlite nuair a bheidh siad ina gcomhaltaí den Scéim Athbhreithnithe ranníoca tréimhsiúla ag **ráta 2% de phá leanúnach** a íoc. Nuair atá siad pósta le linn tréimhse a gcomhaltacht ranníoca, d'fhéadfaidís a bheith dlite, ag tráth a scoir nó ar bhás a fháil le linn seirbhíse, ranníoca neamhthréimhsiúla a íoc ag **ráta 1.5% den phá** ag tráth a scoir nó má fhaigheann siad bás.

Tabhair ar aird freisin go bhféadfadh **ranníoc neamhthréimhsiúil** a bheith iníoctha i ndáil leis an difríocht idir (a) an tréimhse ar rinneadh íocaíocht ar a son agus seirbhís á thabhairt agus (b) an tréimhse iomlán ar a mbeadh pinsean céile bunaithe. Faoi réir uasmhéid de 40 bliain, d'fhéadfadh tréimhse iomlán treimhsí seirbhíse a rinneadh sula tugadh isteach an Scéim Bhunaidh (i 1969 i gcás múinteoirí fir nó i 1981 i gcás múinteoirí mná) a bheith san áireamh, nó i gcás duine a shocraigh gan a bheith páirteach sa Scéim Bhunaidh rogha a bheith acu páirt a ghlacadh sa Scéim Athbhreithnithe, an tréimhse sula tugadh isteach an Scéim Athbhreithnithe an 1 Aibreán 2004. D'fhéadfadh an tréimhse iomlán tréimhsí seirbhíse féideartha suas go dtí 65 bliain d'aois a chur san áireamh nuair a fhaigheann an duine bás ar seirbhís nó nuair a scoireann sé de bharr easláinte bhuan.

Tá sonraí iomlán na gCoinníollacha Ranníoca a bhaineann le comhaltacht na Scéime Athbhreithnithe in **Aguisín 1** den Chiorclán seo.

5. Íocaíocht ranníoca tréimhsiúla breise (An Scéim Bhunaidh agus an Scéim Athbhreithnithe).

Is féidir le comhaltaí na Scéime Bunaidh agus na Scéime Athbhreithnithe ranníoca tréimhsiúla breise a íoc, le héifeacht ó dháta nach dtiocfaidh roimh an **1 Meán Fómhair 2006**, chun dliteanas do ranníoca neamhthréimhsiúla maidir le **seirbhís roimhe sin** a laghdú. Ciallaíonn seirbhís roimh ré seirbhís a tugadh roimh thréimhse ar íoc an comhalta ar a shon, nó go bhfuil sé/sí dlite ranníoca tréimhsiúla a íoc agus tá seirbhís a tugadh sula bunaíodh an Scéim Bhunaidh san áireamh, nó i gcás comhalta a shocraigh gan a bheith páirteach sa Scéim Bhunaidh, roimh bhunú na Scéime Athbhreithnithe.

Éileofar ar chomhalta ar mhian leis/léi ranníoca tréimhsiúla breise a íoc na ranníoca sin a íoc thar thréimhse **scoilbhliana amháin ar a laghad** ach beidh an rogha aige/aici íoc thar roinnt scoilbhlianta. Ar an tslí chéanna is féidir le comhalta atá dlite ranníoca tréimhsiúla de 1.5% dá t(h)uarastal a íoc ranníoca tréimhsiúla breise ag an ráta sin nó ag ilchodanna den ráta sin a íoc. Gach bliain a n-íocfaidh comhalta mar sin ranníoc thréimhsiúil breise ag 1.5% dá t(h)uarastal, laghdóigh sin dliteanas i leith ranníoca neamhthréimhsiúla le bliain amháin. Nuair a dhéanann comhalta atá dlite ranníoca tréimhsiúla a íoc ag 2% dá t(h)uarastal an rogha ranníoca tréimhsiúla breise a íoc beidh na ranníoca sin iníoctha ag ráta 2% (nó ilchodanna de 2%) den tuarastal. (Tabharfar chun cuimhne gur do chomhaltaí na Scéime Athbhreithnithe, a shocraigh gan a bheith páirteach sa Scéim Bhunaidh, atá feidhm leis an ráta ranníoca thréimhsiúil 2%).

Mar shampla:- Comhalta atá dlite ranníoca tréimhsiúla a íoc ag ráta 1.5% den phá leanúnach agus a roghnaíonn ranníoca tréimhsiúla breise a íoc ag ráta 3% den phá leanúnach thar tréimhse 2 bhliain, laghdóidh sé/sí dliteanas i leith ranníoca neamhthréimhsiúla le 4 bliana.

Tabhair ar aird go bhfuil faoiseamh cánach le fáil ar ranníoca aoisliúntais laistigh de teorainneacha atá leagtha síos ag na Coimisinéirí Ioncaim. Baineann na teorainneacha reatha, atá i bhfeidhm ó Eanáir 2002 le haois agus athraíonn siad ó 15% de Phá (nuair atá an comhalta faoi 30) go dtí 30% de phá (nuair atá comhalta 50 bliain nó níos mó). Clúdaíonn na teorainneacha gach ranníoca pinsin a íocann an comhalta. Mar sin, sula socraíonn an comhalta ranníoca tréimhsiúla breise a íoc, bheadh sé inmholta ag an gcomhalta a staid maidir le faoiseamh cánach a dheimhniú leis an gCigire Cánach áitiúil.

6. Aisíocaíochtaí ar ranníoca.

De bharr na catagóirí breise cleithiúnaí a bhfuiltear ag foráil dóibh faoin Scéim Athbhreithnithe, beidh na forálacha maidir le haisíocaíochtaí ar ranníoca tréimhsiúla níos teoranta. Go sonrath, ní bheidh na forálacha a leanas den Scéim Bhunaidh i bhfeidhm leis an Scéim Athbhreithnithe:-

- (a) an fhoráil maidir le haisíoc ar ranníoca tréimhsiúla do na comhaltaí ar fad nach bpósann le linn a gcomhaltacht ranníoca.
- (b) an fhoráil maidir le haisíoc ar chuid de na ranníoca tréimhsiúla do chomhaltaí a bhfuil a gcéilí básaithe ag an am a scoireann siad nó a n-éiríonn siad as an bpost.

Faoin Scéim Athbhreithnithe, is iad seo amháin na cúinsí ina mbeadh aisíoc ar ranníoca tréimhsiúla dlite:-

- (i) nuair a **scoirfidh comhalta nó nuair a éiríonn sé/sí as post gan a bheith i dteideal** pinsin nó pinsin coinnithe (i.e. mar gheall go bhfuil níos lú ná 2 bhliain seirbhíse inphinsin ag an gcomhalta) agus nach n-athraíonn sé/sí a s(h)eirbhís chuig fostaíocht eile nó
- (ii) nuair a íocann comhalta ranníoca tréimhsiúla ar thréimhse os cionn 40 bliain. (Sa chás seo is iad na ranníoca a bheidh le haisíoc ná iad sin a rinne an comhalta sa **tréimhse tosaigh** dá c(h)omhaltacht ranníoca.)
- (iii) nuair a scoireann comhalta ar phinsean nó nuair a fhaigheann sé/sí bás agus é/í i mbun seirbhíse agus go mbíonn an comhalta ina c(h)omhalta den saol cráifeach agus go bhfuil sé/sí faoi mhóid aontumhachta i rith na tréimhse ina bhfuil sé/sí ina chomhalta ranníoca. (Sa chás go bhfágann an comhalta an saol cráifeach tar éis scoir, nó nach bhfuil sé/sí faoi mhóid aontumhachta níos mó, agus ansin go bhfaigheann sé/sí fostaíocht inphinsin sa tseirbhís phoiblí arís, beidh na ranníoca a fuair sé/sí tar éis scoir chomh maith le hús iolraithe inaisíoctha.

7. Comhaltacht sa Scéim Athbhreithnithe.

7.1 Beidh comhaltacht sa Scéim Athbhreithnithe Pinsin Céilí agus Leanáí **éigeantach do gach duine a nglactar leis/léi**, (más den chéad uair é nó má táthar ag tosú arís ar chomhaltacht tar éis briseadh i bhfostaíocht), i gcomhaltacht sa Scéimeanna Aoisliúntais an **1 Meán Fómhair 2005 nó tar éis an dáta sin**.

Tabhair ar aird nach gcomhairfidh sos gairme nó aon tréimhse eile de **shaoire speisialta gan íoc mar bhriseadh i bhfostaíocht**.

7.2 Glacfar le daoine a bheidh i seirbhís inphinsin tráth ar bith **idir 31 Márta 2004 agus 31 Lúnasa 2005**, (chomh maith le daoine atá ar shaoire speisialta nó ar shos gairme) mar chomhaltaí sa Scéim Athbhreithnithe má úsáideann siad an **rogha** dul isteach **idir 1 Deireadh Fómhair 2005 agus 31 Márta 2006**.

Duine ar bith a úsáideann an rogha a bheith páirteach sa Scéim Athbhreithnithe beidh sé/sí mar chomhalta le héifeacht ón **1 Aibreán 2004** (nó dáta ceapacháin, má tá sé níos déanaí).

7.3 Daoine a shocraíonn gan a bheith páirteach sa Scéim Athbheithnithe

- 7.3.1 Coinneoidh daoine nach mbainfidh leas as an rogha a bheith páirteach sa Scéim Athbheithnithe taobh istigh den tréimhse sonraíthe a gcomhaltacht sa Scéim Bhunaidh nó, má tá sé socraithe acu cheana féin gan a bheith páirteach sa Scéim Bhunaidh, fanfaidh siad taobh amuigh den Scéim Pinsin Céilí agus Leanaí.
- 7.3.2 Ba chóir a thabhairt ar aird áfach, **má thosaíonn duine mar sin i mbun seirbhíse arís** mar chomhalta de Scéim Aoisliúntais Mhúinteoirí Náisiúnta nó Mhúinteoirí Méanscoileanna, tar éis briseadh i bhfostaíocht, **beidh an duine ina chomhalta den Scéim Athbheithnithe** agus beidh sé dlite na ranníoca cuí a íoc. D'fhéadfadh na cúinsí seo a leanas tárlú maidir le híoc na ranníocaíochtaí:-
- (a) Má fuair an duine sin aisíoc ar ranníocaíochtaí Céilí agus Leanaí de réir théarmaí na Scéime Bunaidh, (a bheith singil nuair a scoir sé/sí) beidh an duine dlite an méid atá aisíoctha, chomh maith le hús iolraithe, a íoc arís.
- (b) Nuair nach raibh an té sin ina chomhalta den Scéim Bhunaidh, mar go ndearna sé/sí an rogha gan a bheith páirteach, beidh sé/sí dlite ranníocaíochtaí tréimhsiúla ag ráta 2% den phá a íoc ón dáta a dtéann sé/sí ar ais i mbun seirbhíse. Chomh maith leis sin, beidh sé/sí dlite ranníocaíochtaí neamhthréimhsiúla a íoc ó thaobh na seirbhíse tugtha suas go dtí dáta scoir na tréimhse fostaíochta roimh sin, nuair a scoirfidh sé/sí ina dhiaidh sin. Íocfar na ranníocaíochtaí neamhthréimhsiúla ag ráta 1.5% den phá scoir.

8. Roghanna a Fheidhmiú.

Seolfaidh an Roinn **cóip den Chiorclán seo**, i.e. Ciorclán PEN 14/05, chomh maith le cóip d'Fhoirm Rogha SP/1 (rogha ag comhalta den Scéim Bhunaidh) nó d'Fhoirm Rogha SP/2 (rogha ag duine nach raibh sa Scéim Bhunaidh), pé ar bith is cuí

faoi Mheán Fhómhair 2005

chuir daoine a bheidh cáilithe i gcomhair rogha – (beidh os cionn 40,000 múinteoir cáilithe).

Moltar do gach duine a fhaigheann an Ciorclán téarmaí an Chiorcláin agus an t-ábhar mínithe atá san Aguisín a scrúdú. Tabharfar ar a n-aird go gcaithfear an Fhoirm Rogha, ar a mbeidh Cuid A nó Cuid B comhlánaithe, mar is cuí, a chur ar ais **tráth nach déanaí ná 31 Márta 2006** ar a dheireannaí agus duine ar bith nach gclóífidh leis an gcoinníoll sin ní ghlacfar leis/léi ina dhiaidh sin i gcomhaltacht na Scéime Athbheithnithe.

Coinneofar an Fhoirm Rogha sa Roinn, mar a bhíonn comhlánaithe ag gach duine aonair.

Tá sampla d'Fhoirm Rogha SP/1 agus SP/2, mar a bheadh comhlánaithe ag duine a dhéanfaidh rogha a bheith páirteach sa Scéim Athbheithnithe, iniata (i gcomhair eolais amháin) in **Aguisín 2 agus 3, faoi seach**, den Chiorclán seo.

9. **Íocaíocht ranníocaíochtaí ó dhaoine nach raibh ina gcomhaltaí den Scéim Bhunaidh agus a roghnaíonn a bheith páirteach sa Scéim Athbheithnithe.**

Mar atá ráite i mír a 4, caithfidh daoine nach raibh sa Scéim Bhunaidh ach a roghnaigh a bheith páirteach sa Scéim Athbheithnithe ranníocaíochtaí a íoc ag ráta 2% den phá. Tar éis na roghanna a phróiseáil, tá sé pleanáilte **tosú ag togáil asbhaintí as tuarastail** i gcás na gcomhaltaí sin a bhíonn i gceist le héifeacht ón **1 Meán Fómhair 2006**.

Beidh **riaráistí de ranníocaíochtaí leanúnacha** dlite ag na comhaltaí sin maidir leis an tréimhse ón 1 Aibreán 2004 go dtí an 31 Lúnasa 2006. Féadfaidh na comhaltaí an méid atá dlite a íoc i gcnapshuim amháin nó íoc ina ghálaí thar thréimhse ar aon dul le fad an tréimhse a mbaineann na riaráistí leis.

10. **Comhaltaí den Scéim Athbheithnithe a bhíonn singil nuair a scoireann siad ach a phósann ina dhiaidh sin.**

Nuair a fhaigheann comhalta den Scéim Athbheithnithe a bhíonn singil nuair a scoireann sé/sí agus a phósann ina dhiaidh sin, bás, beidh pinsean iníoctha don chéile a bhíonn fós beo, bunaithe ar sheirbhís uile inríofa, seirbhís ar a

mbeadh ranníocaíochtaí neamhréimhsiúla le n-íoc uirthi dá mba rud é nach mbeadh an comhalta singil ag an am a scoir sé/sí, san áireamh. Ní bheidh aon dlíteanas mar sin féin ar eastát an chomhalta a bhásaigh tuilleadh íocaíochtaí a dhéanamh.

(Mar atá ráite cheana, tagraíonn mír a 4, d'fhéadfadh ranníocaíochtaí neamhréimhsiúla a bheith iníoctha ag tráth scoir maidir le seirbhís a tugadh sula raibh ranníocaíochtaí réimhsiúla dlite agus – nuair a scoir comhalta de bharr easláinte – maidir le seirbhís féideartha go dtí aois a 65. Níl ranníocaíochtaí neamhréimhsiúla iníoctha i gcás duine atá singil ag tráth scoir agus nach raibh pósta le linn a c(h)omhaltacht ranníochta sa Scéim Bhunaidh nó sa Scéim Athbhreithnithe. Ar an mbealach céanna níl siad iníoctha i leith seirbhís fhéideartha go dtí aois a 65 i gcás duine a scoireann mar gheall ar easláinte bhuan agus atá singil ag an am – gur bhásaigh a c(h)éile níos luaithe le linn chomhaltacht ranníochta an duine).

11. Seirbhís Bharúlach – Socruithe Idirthréimhseacha.

Beidh na forálacha seo a leanas i bhfeidhm i gcás duine a bheidh ag ceannach (nó a cheannaigh) seirbhís bharúlach agus atá ligthe isteach i gcomhaltacht sa Scéim Athbhreithnithe agus **nach raibh ina c(h)omhalta don Scéim Bhunaidh** (mar go ndearna sé/sí rogha gan dul isteach nuair a tugadh an Scéim Bhunaidh isteach ar dtús i 1969 nó i 1981, faoi seach).

(a) **Tá an duine ag ceannach seirbhís bharúlach ag an am** trí aisbhainti thréimhsiúla as an bpá (ag na rátaí cuí i gcomhair dhuine nach comhalta den Scéim é/i):-

De bharr cead isteach a fháil sa Scéim (Athbhreithnithe) beidh **ranníoc athbhreithnithe sheirbhís bharúlach** iníoctha le héifeacht ó chéad bhreithlá eile an duine **tar éis 1 Meán Fomhair 2006**. Is é a bheidh sa ranníoc athbhreithnithe ná an ráta ranníocaíochtaí a bheadh iníoctha dá mbeadh an duine mar chomhalta den Scéim ag an am ar ghlac sé/sí leis an gconradh seirbhís bharúlach a cheannach. Chun a léiriú gur íocaíodh ranníoc níos ísle roimhe seo, íocfar **ranníoc sheirbhís bharúlach bhreise** le cnapshuim ag tráth scoir (nó nuair a fhaigheann duine bás) agus beidh sí cothrom leis an difríocht idir an ráta ranníocaíochtaí iníoctha ag comhalta den Scéim agus iníoctha ag duine nach bhfuil ina chomhalta agus é sin méadaithe faoin líon blianta thar a raibh an ráta ranníocaíochtaí a bhí iníoctha cuí maidir le duine nach raibh ina chomhalta den Scéim.

Mar shampla, d'íocfadh múinteoir fir a chuaigh isteach i gconradh le 4 bliana de sheirbhís bharúlach a cheannach thar thréimhse óna 46ú bhreithlá go dtí a 65ú bhreithlá mar neamhchomhalta den Scéim ranníocaíocht sheirbhís bharúlach de 3.04% dá thuarastal sa bhliain, (i.e. 0.76% ar gach bliain de sheirbhís bharúlach a bheadh i gceist). Ar a theacht mar chomhalta, abair, ar a 60adú bhreithlá i Nollaig 2006, **thosódh sé ag íoc** ranníocaíocht **athbhreithnithe** sheirbhís bharúlach de 4% dá phá gach bliain, 0.96% de thuarastal i gcomhair na Scéime Céilí agus Leanaí (3.04% + 0.96% = 4.00%) san áireamh. Faoi dheireadh, ag am scoir ag aois a 65, d'íocfadh sé ranníocaíocht sheirbhís bharúlach **bhreise** de 13.44% dá phá scoir, i.e. ceithre bliana déag (ó aois 46 go dtí 60) méadaithe faoi 0.96%.

(b) **Tá tréimhse de sheirbhís bharúlach ceannaithe ag duine** le cnapshuim (ag na rátaí cuí do neamhchomhalta den Scéim):-

I gcúinsí mar sin, beidh ranníocaíocht bhreise de sheirbhís bharúlach iníoctha le cnapshuim ag tráth scoir (nó nuair a fhaigheann duine bás) agus beidh sé cothrom leis an difríocht idir (1) an cnapshuim ranníocaíochta a bheadh le híoc ag am scoir nó ar bhás neamhchomhalta den Scéim chun an mhéid den tseirbhís bharúlach atá i gceist a fháil agus (2) an cnapshuim comhfhreagrachtúil a bheadh le híoc ag comhalta den Scéim.

Mar shampla, múinteoir fir a chuaigh isteach i gconradh le 4 bliana de sheirbhís bharúlach a cheannach mar neamhchomhalta den Scéim agus a scoir ag aois a 65 mar chomhalta den Scéim d'íocfadh sé ranníocaíocht bhreise de chnapshuim de 12.4% dá phá ag an stáid seo, (i.e. 3.1% dá phá de gach bliain de 4 bliana, nuair atá 3.1% mar dhifríocht idir an ranníocaíocht chnapshuime atá iníoctha ag comhalta den Scéim ag aois a 65 d'aon bhliain amháin de sheirbhís bharúlach – 21.46% - agus an cnapshuim comhfhreagrach atá iníoctha ag neamhchomhalta den Scéim –18.36%).

Tabhair ar aird, cé go mbeadh comhalta na Scéime atá i gceist dlite ranníocaíochtaí tréimhsiúla a íoc i leith Scéim Pinsin Céilí agus Leanaí ag ráta 2% de phá, mar neamhchomhalta den Scéim Bhunaidh a shocraigh dul isteach sa Scéim Athbhreithnithe, tá na rátaí ranníocaíochta caighdeánacha i gcomhair seirbhíse bharúlach infheidhme.

12. Forálacha idirthréimhseacha infheidhme i gcás báis.

I gcás duine a fhaigheann bás a bhíonn i dteideal rogha a dhéanamh agus nach bhfuil rogha déanta aige/aici faoin am a gcríochnaíonn an tréimhse rogha an 31 Márta 2006, féadfaidh a c(h)éile nó a (h)ionadaí dlí an rogha a dhéanamh.

13. Cúrsaíocht.

Iarrtar ar údaráis scoile aird na múinteoirí a thabhairt ar ábhair an Chiorcláin seo mar eolas amháin ag an tráth seo.

Ba chóir do mhúinteoirí a thabhairt ar aird go gcuirfidh an Roinn cóip den Chiorclán seo, chomh maith le foirm rogha, chuig gach múinteoir a bheidh ar a bpárolla i Meitheamh 2005, (iad siúd atá ar shos gairme nó ar bhriseadh ceadaithe gan phá san áireamh) faoi **Mheán Fhómhair 2005**.

Cuirfidh an Roinn cóip den Chiorclán agus foirm rogha chuig gach múinteoir a scoir tar éis an 31 Márta 2004 freisin.

Ba chóir do mhúinteoirí a thabhairt ar aird, go háirithe, **nach mbeidh siad in ann** rogha a dhéanamh maidir le comhaltacht sa Scéim Pinsin Céilí agus Leanaí **nó go bhfaighidh siad an Fhoirm Rogha oifigiúil ón Roinn faoi Mheán Fhómhair seo chugainn**, agus go bhfuil acu go dtí an 31 Márta 2006 chun a rogha a dhéanamh.

(Déanfar socruithe speisialta, ar ndóigh, i gcás múinteoirí a fhaigheann bás roimh an 31 Márta 2006 gan an rogha a dhéanamh – tagairt i mír 12 thuas.)

Tá an ciorclán seo ar fáil freisin ar láithreáin gréasán na Roinne, www.education.ie

John Feeney
Aonad na bPinsean
20 Bealtaine 2005

Aguisín 1 (Leathanach 1 as 2)

(1) Scóip na Scéime Athbheithnithe Céilí agus Leanaí (2) Coinníollacha Ranníocaíochta

RÉAMHRÁ.

Tá an Scéim Athbheithnithe á tabhairt isteach le héifeacht ón 1 Aibreán 2004.

Tugadh an Scéim Bhunaidh isteach le héifeacht ar na dátaí seo a leanas:-

- 1 Iúil 1969 múinteoirí fir scoileanna náisiúnta,
- 1 Lúnasa 1969 múinteoirí fir meánscoileanna,
- 1 Meitheamh 1981 múinteoirí mná (scoileanna náisiúnta agus meánscoileanna).

1. Scóip na SCÉIME ATHBHREITHNITHE

(a) Tairbhíthe faoin Scéim Athbheithnithe

- (1) Céile an chomhalta, cibé cén dáta pósta
- (2) clann uile an chomhalta lena n-áirítear leaschlann agus leanaí uchtaithe.

(b) Tairbhíthe faoin Scéim Bhunaidh

- (1) Céile comhalta má phós sé/sí sula scoir sé/sí.
- (2) (a) leanaí an phósadh má gabhadh iad roimh scoir
 - (b) leaschlann chomhalta ma phósann an comhalta tuismitheoir an linbh sula scoir sé/sí.
 - (c) leanaí uchtaithe má huchtaíodh an leanbh agus an comhalta pósta agus go rinneadh an t-uchtú sula scoir sé/sí

an fhad is go raibh an comhalta pósta le linn na tréimhse chomhaltachta ranníoca i gcás (a), (b) agus (c) thuas. {Is é an t-éifeacht a bheadh leis sin ná nach mbeadh leanbh nó leasleanbh an chéile a fuair bás roimh chomhaltacht ranníoca an chomhalta, clúdaithe dá bhfanadh an comhalta gan pósadh le linn chomhaltachta – sa chás sin gheobhadh an comhalta aisíocaíocht iomlán ar a c(h)uid ranníocaíochtaí sa scéim ar bhás sa tseirbhís nó ar scoir.}

2. AN SCÉIM ATHBHREITHNITHE – COINNÍOLLACHA RANNÍOCAÍOCHTA

(a) Ar nós an cháis sa Scéim Bhunaidh, bíonn ranníocaíochtaí sa Scéim Athbhreithnithe i bhfoirm

(i) ranníocaíochtaí tréimhsiúla (asbhainte as tuarastal), agus

(ii) ranníocaíochtaí neamhthréimhsiúla (asbhainte as cnapshuim scoir nó aiscí báis).

Is é ráta na **ranníocaíochta tréimhsiúil** ná 1.5% den tuarastal leanúnach nó, i gcás duine a ghlacann comhaltacht sa Scéim Athbhreithnithe tar éis rogha a dhéanamh (i 1969 nó i 1981, faoi seach) gan dul sa Scéim Bhunaidh, 2 % den tuarastal leanúnach.

(b) Is féidir **ranníocaíochtaí neamhthréimhsiúla** a ghearradh má bhíonn an duine a mbaineann sé leis pósta ag am scoir, nó ar bhás i seirbhís, nó go raibh sé/sí pósta ag am éigin le linn a c(h)omhaltacht sa Scéim Bhunaidh nó sa Scéim Athbhreithnithe.

Tá ranníocaíochtaí neamhthréimhsiúla iníoctha ag ráta 1 faoin gcéad de thuarastal inphinsin ag scor nó ag bás nó, i gcás duine a ghlacann comhaltacht sa Scéim Athbhreithnithe tar éis an rogha a dhéanamh gan dul sa Scéim Bhunaidh, ag 1.5% de thuarastal inphinsin ag scor nó ag bás.

Beidh ranníocaíocht neamhthréimhsiúil iníoctha maidir le gach bliain de **sheirbhís inríofa** (más ann) **nach bhfuil** ranníocaíochtaí **íocaithe**. Ciallaíonn seirbhís inríofa sa chomhthéacs seo:-

- (1) má bhíonn an comhalta pósta ag tráth scoir, seirbhís inphinsin iarbhír ar fad (móide, an tseirbhís féideartha go haois scoir éigeantach, i gcás scoir de bharr easláinte) faoi réir uasmhéid daichead bliain.
- (2) má bhíonn an comhalta pósta agus go bhfaigheann sé/sí bás agus é/í i mbun seirbhíse, seirbhís inphinsin iarbhír ar fad, móide seirbhís féideartha go haois scoir éigeantach, faoi réir uasmhéid daichead bliain.
- (3) Mura mbíonn an comhalta pósta ag tráth scoir nó go bhfaigheann sé/sí bás agus é/í i mbun seirbhíse (sa chás go bhfuair a c(h)éile bás roimhe sin), méid na seirbhíse inphinsin go dtí an dáta a fhaigheann an céile bás.

(c) I gcás comhaltaí **nach bhfuil pósta ag aon tráth** le linn a gcomhaltacht ranníoca sa Scéim(eanna), ní ghearrtar ranníocaíochtaí neamh-thréimhsiúla.

(d) D'fhéadfaí **ranníocaíochtaí tréimhsiúla** a bhíonn íoctha ag comhaltaí **a aisíoc** sna cásanna seo a leanas;

- (1) Má éiríonn an comhalta as gan a bheith i dteideal pinsean nó pinsean coinnithe agus nach n-aistríonn sé/sí seirbhís chuig fostaíocht eile. I gcásanna mar sin, aisíoctar ranníocaíochtaí tréimhsiúla ina n-iomláine.
- (2) Má bhíonn ranníocaíochtaí tréimhsiúla íoctha ag an gcomhalta, ar thráth scoir nó báis, ar feadh tréimhse le cois 40 bliain. I gcásanna mar sin, gheobhaidh an comhalta (nó an eastát) aisíoc ar chuid de na ranníocaíochtaí tosaigh a híocadh, ionas nach dtéann an tréimhse maidir lena gcoinnítear ranníocaíochtaí thar 40 bliain.

(Sampla: téann múinteoir isteach i seirbhís inphinsin an 1 Meán Fómhair 2002 agus scoireann sé/sí ina dhiaidh sin tar éis a bheith ag íoc ranníocaíochtaí tréimhsiúla thar thréimhse 43 bliain. Gheobhadh sé/sí aisíocaíocht ar an méid a híocáíodh sna ranníocaíochtaí ar na trí bliana ag tosú an 1 Meán Fómhair 2002).

- (3) Má scoireann an comhalta ar phinsean nó má fhaigheann sé/sí bás agus é/í i mbun seirbhíse agus go mbíonn an comhalta sa saol cráifeach agus go mbíonn sé/sí faoi mhóid aontumhachta i rith thréimhse a c(h)omhaltacht ranníocaíochta.

(e) Faoi fhorálacha reatha Airgeadais, ceadaítear **faoiseamh ó cháin ioncain** ar ranníocaíochtaí i leith na Scéime Céilí agus Leanaí, cibé an íoctar iad trí asbhainti ó thuarastal nó trí asbhaintí ó

chnapshuim scoir nó ó aisce báis. Tá aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí faoi réir cánach.

**Aguisín 2 - Foirm SP/1 (foirm shamplach comhlánaithe)
SCÉIM ATHBHREITHNITHE PINSIN CÉILÍ AGUS LEANAÍ**

**Rogha ag múinteoir
atá ina c(h)omhalta
den Scéim (Bhunaidh) Céilí agus Leanaí**

NB: Ba chóir an Fhoirm seo a chomhlánú agus í a sheoladh ar ais chuig an Roinn ag tráth nach déanaí ná

31 Márta 2006

AinmAnne O'Leary..... Uimh. Párolla ...1234567..... Comhalta...IS EA....
Seoladh...24, Summer Road, Anytown..... Dáta Breithe27 Márta 1976.....
.....Contae na hIarmhí..... Uimh. Rolla Scoile ...1234.....

CUID A

Comhlánaigh an mhír seo más mian leat a bheith páirteach sa Scéim Athbheithnithe Pinsin Céilí agus Leanaí.

Tá ábhair an Chiorcláin PEN 14/05 léite agus tugtha ar aird agam.

Dearbhaím leis seo gur mian liom a bheith páirteach sa Scéim Athbheithnithe Pinsin Céilí agus Leanaí dá dtagraítear sa chiorclán sin.

Tuigim, mar chomhalta den Scéim go gcaithfidh mé na ranníocaíochtaí cuí a bhfuil coinníoll leo faoi théarmaí na Scéime a íoc ach go bhfanfaidh na ranníocaíochtaí gan athrú ag 1.5% de thuarastal leanúnach ag tráth scoir nó ar bhás-i mbun-seirbhíse (ranníocaíochtaí neamhthréimhsiúla).

Chun cuidiú le mo chinneadh a phríoiseáil ar ríomhaire, comharthaím sin trí “x” a chur sa bhosca thíos.

Bosca X Dáta15/10/2005..... SínitheAnne O'Leary (síniú).....

CUID B

Comhlánaigh an mhír seo mura bhfuil Cuid A comhlánaithe agat, i.e. murar mian leat a bheith páirteach sa Scéim nua Pinsin Céilí agus Leanaí dá dtagraítear sa Chiorclán PEN 14/05.

Tá ábhar Chiorclán PEN 14/05 léite agus tugtha ar aird agam agus tá na forálacha a bhaineann le póstaí iar-scoir agus an clúdach feabhsaithe atá ar fáil i gcás leanaí, go ginearálta, tugtha ar aird go háirithe agam.

Dearbhaím leis seo nach mian liom a bheith páirteach sa Scéim (Athbheithnithe) Pinsin Céilí agus Leanaí dá dtagraítear sa chiorclán sin.

Tuigim, mar gheall ar an dearbhú seo nach féidir liom cur isteach ar chomhaltacht sa Scéim Athbheithnithe ina dhiaidh sin.

Chun cuidiú le mo chinneadh a phríoiseáil ar ríomhaire, comharthaím sin trí “x” a chur sa bhosca thíos.

Bosca _____ Dáta Sínithe

Ba chóir an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh ar ais, sa chlúdach litreach réamhsheolta atá curtha ar fáil, chuig:

Rannóg Phinsin Mhúinteoirí, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí

Aguisín 3 - Foirm SP/2 (Foirm shamplach comhlánaithe)

AN SCÉIM ATHBHREITHNITHE PINSIN CÉILÍ AGUS LEANAÍ

**Rogha ag múinteoir
nach bhfuil ina c(h)omhalta
den Scéim (Bhunaidh) Céilí agus Leanaí**

NB: Ba chóir an Fhoirm seo a chomhlánú agus í a sheoladh ar ais chuig an Roinn ag tráth nach déanaí ná

31 Márta 2006

AinmMary O'Hara..... Uimh. Phárolla ...2345678..... Comhalta...Ní hEA.....
Seoladh...24, Spring Road, Everytown..... Dáta Breithe27 Meitheamh 1956.....
.....Contae Uíbh Fhailí..... Uimh. Rolla Scoile ...2345.....

CUID A

Comhlánaigh an mhír seo más mian leat a bheith páirteach sa Scéim Athbhreithnithe Pinsin Céilí agus Leanaí.

Tá ábhair Chiorclán PEN 14/05 léite agus tugtha ar aird agam.

Dearbhaím leis seo gur mian liom a bheith páirteach sa Scéim Athbhreithnithe Pinsin Céilí agus Leanaí dá dtagraítear sa chiorclán sin.

Tuigim, mar dhuine a roghnaigh gan a bheith páirteach sa Scéim Bhunaidh, go mbeidh orm ranníocaíochtaí tréimhsiúla a íoc sa Scéim Athbhreithnithe ag **ráta 2%** de thuarastal leanúnach le héifeacht ón 1 Aibreán 2004.

Tuigim freisin, má bhím pósta i rith na tréimhse ón 1 Aibreán 2004, (agus mar atá leagtha amach i mír 2(b) d'Aguisín 1 de Chiorclán PEN 14/05), go mbeidh orm ranníocaíochtaí neamhtréimhsiúla a íoc sa Scéim ag tráth scoir (nó báis i mbun seirbhíse) **ag ráta 1.5%** de thuarastal ag tráth scoir/báis.

Chun cuidiú le mo chinneadh a phríoiseáil ar ríomhaire, comharthaím sin trí "x" a chur sa bhosca thíos.

Bosca X Dáta15/12/2005..... Síniú.....Mary O'Hara (síniú).....

CUID B

Comhlánaigh an mhír seo mura bhfuil CUID A comhlánaithe agat, i.e. murar mian leat a bheith páirteach sa Scéim nua Pinsin Céilí agus Leanaí dá dtagraítear sa Chiorclán PEN 14/05.

Tá ábhar Chiorclán PEN 14/05 léite agus tugtha ar aird agam.

Dearbhaím leis seo nach mian liom a bheith páirteach sa Scéim Pinsin (Athbhreithnithe) Céilí agus Leanaí dá dtagraítear sa chiorclán sin.

Tuigim, de bharr an dearbhaithe seo, nach féidir liom cur isteach ar chomhaltacht ar an Scéim Bhunaidh ná ar an Scéim Athbhreithnithe ina dhiaidh seo. Tuigim freisin de bharr an dearbhaithe seo, nach féidir le mo chéile ná leanaí (más ann dóibh) tairbhe a bhaint as fhorálacha ceachtar de na Scéimeanna.

Chun cuidiú le mo chinneadh a phríoiseáil ar ríomhaire, comharthaím sin trí "x" a chur sa bhosca thíos.

Bosca _____ Dáta..... Síniú

Ba chóir an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh ar ais, sa chlúdach litreach réamhsheolta atá curtha ar fáil, chuig:

Rannóg Phinsin Mhúinteoirí, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí